

**Na Carachtair:** Beirt phríomhcharachtar atá sa phíosá seo, fear céile agus bean chéile.

Tá post ag an bhfear, oibríonn sé i rith an lae agus dá bhrí sin bíonn sé tuirseach traochta nuair a fhilleann sé abhaile gach lá. Is duine traidisiúnta, leanúnach (*conservative*) é agus níl meas aige ar an mbean. Ar ndóigh, tugann sé neamhaird uirthi (*he ignores her*) fad is atá sí ag caint, agus is léir go bhfuil níos mó spéise aige sa pháipéar ná sa mhéid atá a rá aici (*he is more interested in the paper than what she has to say*). Teastaíonn tost agus síocháin uaidh.

Is bean an tí í an bhean sa phíosá próis seo, áfach, ní oireann an múnla traidisiúnta di (*the traditional mould does not suit her*). Ní mó ná sásta atá sí lena saol. Ar ndóigh (*indeed*), tá sí bréan bailithe (*fed up with*) den saol atá aici, ag déanamh curaimí an tí (*household duties*) ó dhubh go dubh (*from dusk to dawn*). Agus fós, ní fhaigheann sí aon mheas nó aitheantas (*recognition*). Mar a deireann sí, nuair atá an urlár salach, bíonn an fear ag gearán faoi, ach nuair a bhíonn sé glan, ní thugann sé aon cheann de (*he takes no notice of it*). Tá sí i ndeireadh na féide (*at her wits end*). Bíonn sí sáinnithe sa teach i rith an lae, ag tabhairt aire don linbh, agus braitheann sí mar phríosúnach ina tigh féin (*she feels like a prisoner in her own home*). Mar sin, tá fonn cainte uirthí (*desire to talk*) nuair a shroiceann a fear chéile abhaile san iarnóin. Is bean nua-aimseartha, neamh-thraidisiúnta í agus tá sé ar intinn aici post a fháil (*she intends to get a job*) ach, nuair a chloiseann an fear é seo, téann sé le báiní (*he goes mad*). Tá an bhean seo ag iarraidh an múnla traidisiúnta a bhriseadh, ach tagann éadóchas uirthi (*she gets discouraged*). I mo thuairim, tá sé suntasach nach bhfuil ainm ag an

mbean seo; léiríonn sé gur duine anaithnid, neamhfhiúntach í (*anonymous, worthless*), gan bhrí.

**Téamaí:** Is é saoirse agus stadás íseal na mná príomh-théama an ghearrscéil seo. Is léir go bhfuil frustrachas an domhain ar an bpríomhcarachtar, mar níl saoirse ar bith aici. Tá sí faoin ordóg (*under the thumb*) ag a fear. Sna seanlaethata bhí róil cinnte don fhear agus don bhean sa phósadh. Bhí ar an bhfear dul amach ag obair chun airgead a thuilleamh (*to earn money*), agus ag an ám céanna, bhí ar an mbean fanacht sa bhaile, gan chomhlúadar (*without company*) chun an teach a choiméad in ord is in eagar (*to keep the house in order*). Go cultúrtha, caitheadh anuas ar na mná (*they were looked down on*) a chuaigh amach ag obair, mar bhíothas den tuairim go raibh said ag tréigean na clainne (*abandoning the family*). Ceapann an fear seo go mbeadh na comharsana ag cabaireacht (*they neighbours would be talking*) dá mbeadh an bhean ag dul ó thigh go tigh ag obair, "cosúil le tincéir". Dá bhrí sin, bhí saol na mná thar a bheith teoranta (*limited*) agus míshásúil sa chaite.

Gan amhras ar bith (*without a doubt*), is é an comhionannas (*equality*) téama eile sa scéal. Caitheadh le mná mar shaoráinthe den dara grád (*treated as 2<sup>nd</sup> class citizens*). Ní haon ionadh é (*it's no surprise*) go raibh an bhean seo le cuthach (*very angry*) nuair a thug bean an tsuirbhé cuairt uirthi. Cháin sí na fir go géar ar an lá sin (*she criticised men sharply that day*) agus scaoil sí uaithi a frustrachas i rith an tsuirbhé. Bhí sí mar chuid den 25 fán gcéad (*percent*) de mhná a bhí 'míshona, míshasta' sa phósadh agus sin a lasann splanc an chomhrá (*that's what starts the conversation*). Áfach, ag críoch an scéil tá an seobhaineachas fós beo beathach (*sexism is still alive and well*) agus tá an míchothromaíocht (*inequality*) idir an fear céile agus an bhean céile an-sholáir.

Is léiriú cuimsitheach é ar an bpósadh traidisiúnta freisin. Tógaimís mar shampla (*take for example*), cad a tharlaíonn nuair a luann an bhean go raibh sí ag caint agus ag cadráil (*chatting*) le bhean an tsuirbhé. Tá fearg an domhain air go raibh sí ag tabhairt eolais príobháideach amach, do stráinséirí. In Éireann, sna seachtoidí níor pléadh rudaí go poiblí, cuireadh iad faoi cheilt (*things were not discussed publicly, they were kept under covers*). Is cnámh na spáirne é seo idir an fear agus an bhean.

## Teicnicí:

**Greann:** Baintear úsáid an-chumasach as an ngreann sa scéal seo. Mar shampla, tá an idirphlé agus an idirghníomh (*dialogue and interaction*) thar a bheith greannmhar. Fanann an fear taobh thiar den nuachtán at t-am ar fad, mar níl fonn cainte ar bith aige. Ina dhiadh sin (*as well as that*) ní thugann sé ach freagraí gonta borb (*short sharp answers*) ar nós "huh?" agus "Sea". Nochtaíonn sé seo (*this exposes that...*) gur cuma leis an bhfear mar gheall ar an mbean agus a mianta (*that he doesn't care about the woman and her wishes*). Tá an scéal seo lán go barra le híoróin agus searbhas (*full of irony and sarcasm*), leis. Mar shampla, tá an ráiteas seo a leanas lán le searbhas : "Cad eile a bheadh ag mná ná leanbh" (*what else would a woman have but a child!*).

Tá greann le feiscint nuair a théann an bhean thart ar a bhfuil ráite aici (*goes back on what she said*). Ar dtús ionsaíonn sí fir (*she attacks men*) ach níos déanaí ionsaíonn sí bean an tsuirbhé. Tá an greann go mór chun tosaigh (*much to the fore*) sa críoch. Titeann an fear ina chodladh, clúdaithe taobh thiar den nuachtán agus léanann an bhean ar aghaidh ag caint, 's ag caint! Críochnaíonn sé mar a thosaigh sé, tá an fear beagbheann ar a riachtanais (*oblivious*

*to her needs*). Is críoch scéirdiúil (*bleak*) é seo, ach, ag an ám céanna is íomha greannmhar é seo a shainmhíonn a gcaidreamh (*it sums up their relationship*).

**Stíl:** Cuirtear an píosa seo in ár láthair mar chomhrá agus is seift éifeachtach é seo. Tá sé an-éasca an suíomh seo a shamlú (*it's easy to imagine the situation*) cuireann sé le hinchreideacht na gcarachtar (*it adds to the believability of the characters*). Chomh maith leis sin, is féidir linn na deacrachtaí cumarsáide (*communication difficulties*) agus an fhírinne lom (the bare truth) a fheicéail.